Cuntas Leithreasa 2014

# Vóta 31

# Iompar, Turasóireacht agus Spórt

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 31, tá dualgas orm, gach bliain, chun an cuntas leithreasa don Vóta a réiteach, agus chun an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, réitigh mé an cuntas atá ar ceangal ina sonraítear an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 do thuarastail agus costais Oifig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riar an Oifig sin, chun íoc as deontais, deontais i gcabhair agus as seirbhísí áirithe eile.

Déantar comparáid idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna

(a) a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2014, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasuithe-i-gcabhair, agus

(b) a cuireadh ar fáil do sheirbhísí soláthair chaipitil in 2014 as leithreasuithe 2013 nár caitheadh, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bhunaigh Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Tá barrachas €4.77 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

I 2014, ghlac an Roinn le freagracht do bhainistiú agus d'fhaomhadh íocaíochtaí deontais chuig údaráis áitiúla do bhóithre réigiúnacha agus áitiúla i dtaca le tógáil, feabhsú, cothabháil agus bainistiú. Bhí an ról seo á chur i gcrích roimhe seo ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta. Ar mhaithe le héifeachtacht riaracháin, lean an Roinn uirthi de bheith ag eisiúint maoiniú deontais chuig an Údarás (Fo-cheannteideal B3). Lean an tÚdarás air de bheith freagrach as eisiúint íocaíochtaí chuig na húdaráis áitiúla.

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1-6 mar chuid den chuntas.

## An Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú seachas na nithe seo a leanas;

***Dímheas***

Is é beartas na Roinne sócmhainní a dhímheas ó dháta an cheannaigh a fhad leis an mbliain diúscartha, agus an bhliain sin san áireamh, ar na rátaí bliantúla a leanas

- Talamh agus foirgnimh – dímheas ar bith
- Troscáin agus feistis - 10%
- Trealamh oifige - 20%
- Mótharfheithiclí – 20%
- Trealamh speisialta - 20%

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn seo córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo dhualgais eile mar Ard-Rúnaí. Anuas air sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh dearbhú réasúnta seachas iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe inmheánaigh a choimeád agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras ar a éifeachtacht.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíocht Seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta na Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí nuair a bhíonn seirbhísí comhroinnte Párolla á soláthar don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tairmligin agus freagrachta agus, go háirithe

- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann
- cinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Tá Beartas um Bainistíocht Riosca i bhfeidhm ag an Roinn mar aon le Clár Rioscaí do gach riosca straitéiseach agus a bhaineann le gnó. Tugtar sainmhíniú sa bheartas ar Riosca Airgeadais mar theip ar shocruithe éifeachtacha bainistíochta agus freagrachta airgeadais a choimeád i ngach ceann de ghníomhaíochtaí na Roinne. Déantar measúnú agus scóráil ar rioscaí ar bhonn tionchair, dóchúlachta agus éifeachtacht na rialuithe atá i bhfeidhm. Faoi láthair, níl aon rioscaí airgeadais ag an Roinn a dhéantar a rátáil amhail bheith ard. Tá roinnt Rioscaí Straitéiseacha agus Rioscaí Gnó ann a shainaithnítear sa Chlár Rioscaí a rangaítear mar rioscaí a bhaineann le cúrsaí airgeadais/rialachais chorparáidigh. Déantar iad seo go léir a rátáil mar rioscaí ísle, agus aird ar an dóchúlacht go dtarlóidh siad agus ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm chun iad a mhaolú, go háirithe Nós Imeachta mionsonraithe um Rialú Inmheánach Airgeadais a chur i bhfeidhm ar leibhéal Roinne.

***An Coiste Iniúchta agus Iniúchta Inmheánaigh***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh faisnéis ar fáil dá n-obair an iniúchta inmheánaigh, agus tá a bpleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

**Tom O’Mahony**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

31 Márta 2015

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

15 Méan Fómhair 2015

# Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt

# Cuntas Leithreasa 2014

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas clár** | | | | | |
| A | Eitlíocht shibhialta | | 27,697 | 25,539 | 26,865 |
| B | Iompar ar talamh | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,315,404 | | | |
| | *Forlíontach* | 158,594 | 1,473,998 | 1,471,950 | 1,362,245 |
| C | Iompar agus sábháilteacht mhuirí | | | | |
| | *Bunaidh* | 94,382 | | | |
| | *Forghéilleadh iarchurtha* | 4,800 | 99,182 | 93,831 | 97,702 |
| D | Seirbhísí Spóirt agus Áineasa | | | | |
| | *Bunaidh* | 95,468 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,892 | 97,360 | 73,016 | 74,481 |
| E | Seirbhísí Turasóireachta | | | | |
| | *Bunaidh* | 137,069 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,594 | 138,663 | 134,538 | 139,208 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,670,020 | | | |
| | *Forghéilleadh iarchurtha* | 4,800 | | | |
| | *Forlíontach* | 162,080 | **1,836,900** | **1,798,874** | **1,700,501** |
| | *Lúide* | | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **394,431** | **390,277** | **439,637** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,275,589 | | | |
| | *Forghéilleadh iarchurtha* | 4,800 | | | |
| | *Forlíontach* | 162,080 | | | |
| | | | **1,442,469** | **1,408,597** | **1,260,864** |

**Barrachas atá le tabhairt suas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh a sháraigh an ghlansuim a caitheadh faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadtar gach leithreasú neamhchaite, nó cuid d'aon leithreasú neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dá éis sin.

| | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 33,872,830 | 9,718,005 |
| Forghéilleadh iarchurtha | (29,105,000) | (4,800,000) |
| Barrachas le forghéilleadh | 4,767,830 | 4,918,005 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | **2014** | | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 26,669 | 26,611 | 27,707 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,753 | 1,017 | 1,181 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,698 | 2,321 | 1,578 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 550 | 364 | 423 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 1,633 | 1,583 | 1,841 |
| vi | Costais áitreabh na hoifige | 592 | 551 | 713 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | 599 | 429 | 524 |
| *viii* | *Uachtaránacht an AE* | — | — | *70* |
| | | 33,494 | 32,876 | 34,037 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas cláir | | 1,765,998 | 1,666,464 |
| Pá | | 26,611 | 27,707 |
| Neamhphá | | 6,265 | 6,330 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,798,874** | **1,700,501** |
| Lúide | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **390,277** | **439,637** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,408,597** | **1,260,864** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitiúla** | | | |
| Ceannach (airgead tirim) | (3,047) | | |
| Dímheas | 3,115 | | |
| | | 68 | 1,501 |
| **Athruithe ar shócmhainní faoi fhorbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | — | (35) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (2,537) | | |
| Méadú ar stoc | (22) | | |
| | | (2,559) | 162 |
| **Caiteachas díreach** | | **1,406,106** | **1,262,492** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 19,803 | 20,426 |
| Measchíosanna | | 714 | 1,212 |
| **Glanchostas clár** | | **1,426,623** | **1,284,130** |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Comhghaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 31 a tabhaíodh in áiteanna eile.

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 7 Airgeadas | m | 93 | 143 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 75 | - |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 14,845 | 15,416 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 4,369 | 4,464 |
| Vóta 18 Comhsheirbhísí | m | 21 | - |
| An Lárchiste – Pinsin Aire | m | 400 | 403 |
| | | **19,803** | **20,426** |

Tugann “m” le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá san uimhir.

## 2 An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitiúla** | 2.2 | 10,005 | 9,999 |
| **Sócmhainní caipitiúla faoi fhorbairt** | 2.3 | — | 38 |
| | | **10,005** | **10,037** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| An banc agus airgead tirim | 2.4 | 33,274 | 4,505 |
| Stoic | 2.5 | 591 | 569 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,551 | 1,123 |
| Ioncam fabhraithe | | 2,000 | 43 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 1,598 | 1,143 |
| **Sócmhainní iomlána reatha** | | **40,014** | **7,383** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 2,304 | 1,456 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 401 | 379 |
| Glandliteanas leis an Státchiste | 2.8 | 34,471 | 5,269 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | **37,176** | **7,104** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **2,838** | **279** |
| **Glansócmhainní** | | **12,843** | **10,316** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas um chistiú Stáit** | 2.1 | **12,843** | **10,316** |

| **2.1 An Cuntas um Chistiú Stáit** | **Nóta** | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 10,316 | 14,964 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 1,442,469 | | |
| Forghéilleadh iarchurtha | Cuntas | (29,105) | | |
| Barrachas le forghéilleadh | Cuntas | (4,767) | | |
| Glanvóta | | | 1,408,597 | 1,260,864 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áiteanna eile | 1 | | 19,803 | 20,426 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 714 | 1,212 |
| Glanchostas clár | 1 | | (1,426,623) | (1,284,130) |
| Coigeartú na sócmhainne caipitil | 2.2 | | 36 | 464 |
| Aistriú sócmhainn chaipitil | 2.3 | | — | (3,484) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **12,843** | **10,316** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscáin agus feistis | Mótarfheithiclí | Trealamh speisialta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2014 | 2,396 | 17,492 | 2,314 | 9,940 | 17,701 | 49,843 |
| Coigeartú[a] | — | — | — | — | 36 | 36 |
| Breisiúcháin | — | 1,459 | 3 | 842 | 781 | 3,085 |
| Diúscairtí | — | — | — | (19) | — | (19) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2014 | 2,396 | 18,951 | 2,317 | 10,763 | 18,518 | 52,945 |
| **Dímheas carnach** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2014 | — | 14,960 | 1,162 | 7,594 | 16,128 | 39,844 |
| Dímheas don bhliain | — | 1,028 | 292 | 909 | 886 | 3,115 |
| Diúscairtí | — | — | — | (19) | — | (19) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2014 | — | 15,988 | 1,454 | 8,484 | 17,014 | 42,940 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014** | **2,396** | **2,963** | **863** | **2,279** | **1,504** | **10,005** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013** | **2,396** | **2,532** | **1,152** | **2,346** | **1,573** | **9,999** |

[a] Is é is aidhm leis an gcoigeartú ná an sceideal seo a fhágáil de réir Chlár Sócmhainní Caipitil na Roinne.

| **2.3 Sócmhainní Caipitiúla faoi Fhorbairt** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| An méid a tugadh anonn amhail an 1 Eanáir | 38 | 3,487 |
| Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain | -— | 35 |
| Aistrithe chuig sócmhainní caipitil | (38) | — |
| Aistriú chuig OOP[a] | — | (3,484) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | 38 |

[a] Léiríonn an t-aistriú chuig OOP na méideanna a aithníodh roimhe seo mar shócmhainní i mbun forbartha ag an Roinn i dtaca le luach feabhsúchán caipitil ar stáisiúin gardaí cósta. Maoiníonn an Roinn oibreacha caipitil ar fhoirgnimh ghardaí cósta ar leis an OOP iad.

| **2.4 An Banc agus Airgead Tirim** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna agus airgead PMG | 33,162 | 4,408 |
| Cuntais bhainc thráchtála | 112 | 97 |
| | 33,274 | 4,505 |

| **2.5 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Páipéarachas agus soláthairtí oifige | 26 | 40 |
| Tomhaltáin TF | 18 | 22 |
| Tomhaltáin speisialta (Gardaí Cósta na hÉireann) | 547 | 507 |
| | 591 | 569 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Cnapshuimeanna scoir | 68 | 978 |
| Seirbhísí gníomhaireachta an OPW | 934 | — |
| Eile | 596 | 165 |
| | 1,598 | 1,143 |

| **2.7 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Suimeanna a bhí dlite don Stát | | |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 3 | — |
| Seirbhísí Gairmiúla a Shiarchoinneáil Cáin | 42 | 32 |
| Cáin Bhreisluacha | 191 | 207 |
| | 236 | 239 |
| Muirir phinsin | 165 | 136 |
| Eile | — | 4 |
| | 401 | 379 |

| **2.8 Glandliteanas leis an Státchiste** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Barrachas le forghéilleadh | 4,768 | 4,918 |
| Forghéilleadh iarchurtha | 29,105 | 4,800 |
| Deontas an Státchiste nár tarraingíodh/(rótharraingthe) | 598 | (4,449) |
| Glandliteanas leis an Státchiste | 34,471 | 5,269 |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| | | |
| An Banc | 33,274 | 4,505 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,598 | 1,143 |
| | 34,872 | 5,648 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (236) | (239) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (165) | (140) |
| | (401) | (379) |
| | | |
| | 34,471 | 5,269 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **(a) Ceangaltais dhomhand** | | |
| (i) Fotheidil éadála | 474,015 | 534,836 |
| (ii) Fotheidil deontais[a] | 127,806 | 42,923 |
| Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí | 601,821 | 577,759 |

[a] Ní raibh san áireamh i bhfigiúr ceangaltais dheontais 2013 ceangaltais a rinneadh roimh 2013 maidir le clár Maoinithe Chaipitil Spóirt na Roinne. Cuireadh sin ina cheart i 2014 agus tá gach ceangaltas san áireamh.

| | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| **Ceangaltais faoi fhotheidil éadála** | **€000** | **€000** |
| Seirbhísí héileacaptair chuardaigh agus tharrthála[b] | 449,324 | 511,434 |
| Aerfoirt | 15,780 | 6,546 |
| Ceadúnú feithiclí/tiománaithe | 3,981 | 10,750 |
| Taisteal Inmharthana | 1,080 | 1,700 |
| An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí | 279 | 345 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 529 | 347 |
| Seirbhísí Ghardaí Cósta na hÉireann | 3,042 | 3,714 |
| | 474,015 | 534,836 |

**(b) Ceangaltais Ilbhliantúla chaipitil**

| | | | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Caiteachas a fhad leis an 31 Nollaig 2013** | **Caiteachas** | **Blianta ina dhiaidh seo** | **Iomlán an tionscadail** | **Iomlán an tionscadail** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Seirbhísí héileacaptair chuardaigh agus tharrthála[b] | 29,022 | 5,504 | — | 34,526 | 34,526 |
| Limistéir Thaistil Níos Cliste | 5,880 | 5,206 | 11,914 | 23,000 | 23,000 |

[b] Tá san áireamh sna ceangaltais maidir leis an gconradh do sheirbhísí héileacaptair cuardaigh agus tarrthála a thosaigh ar 1 Iúil 2012 ceangaltais a bhfuil idir nádúr oibríochtúil agus nádúr caipitil ag baint leo. Baineann an ceangaltas measta de €449.3 milliún le híocaíochtaí sa todhchaí a bhfuil san áireamh iontu táillí seasta míosúla, táillí eitilte agus breosla in aghaidh an uair an chloig bunaithe ar uaireanta measta eitilte agus táillí aerfoirt agus coimhdeacha. Ba é an costas i 2014 ná €62 milliún. Bhí íocaíochtaí láithreacha caipitil faoin gconradh seo lánurscaoilte i 2014.

| **2.10 Dliteanais Aibithe** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán de dhliteanais aibithe nár díscaoileadh ag deireadh na bliana | 46 | 82 |

## 3 Caiteachas Clár de réir Fotheidil

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Eitlíocht shibhialta** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 2,934 | 2,763 | 2,980 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 822 | 605 | 665 |
| A.3 | Aerfoirt réigiúnacha | 12,000 | 12,881 | 13,288 |
| A.4 | Seirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta | 11,941 | 9,290 | 9,932 |
| | | 27,697 | 25,539 | 26,865 |

**Athraithigh shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €2.16 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:

| Sainiú | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 217 | Leithdháileadh comhréireach atá sa tearc-chaitheamh de réir teideal cláir ar na coigiltí a baineadh amach i mbuiséad riaracháin na Roinne. D'eascair iad seo go príomha i gcaiteachas ar thaisteal agus chothabháil, agus costais teileafónaíochta agus caitheamh ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis ar shainchomhairleoireacht. |
| Aerfoirt réigiúnacha | (881) | Baineann an róchaitheamh go príomha le breis cistiú a theastaigh chun na conarthaí Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (OSP) a shíneadh le haghaidh bhealaí aersheirbhísí Dhún na nGall/Bhaile Átha Cliath agus Chiarraí/Bhaile Átha Cliath thar scoithphointe bunúil na Samhna. |

| **Sainiú** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Seirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta | 2,651 | Tá san áireamh san fho-cheannteideal seo síntiúis chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, íocaíochtaí chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann agus soláthar le haghaidh oibre áirithe chomhairliúcháin.<br><br>Bhí luach €1.8 milliún níba lú ná mar a bhíothas ag coinne leis ar na síntiúis d'eagraíochtaí idirnáisiúnta. Déantar na síntiúis a chinneadh ag na heagraíochtaí sin dá bhfuil na híocaíochtaí dlite, lena n-áirítear Eurocontrol, Údarás Idirnáisiúnta na hEitlíochta Sibhialta, Údarás Eorpach na hEitlíochta Sibhialta agus an Ostair, an Bheilg, Éire agus an Eilvéis (OBÉE).<br><br>Bhí luach €500,000 milliún níba lú ná mar a bhíothas ag coinne leis ar na híocaíochtaí chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann. Clúdaíonn na híocaíochtaí seo costais na seirbhísí cumarsáide aerloingseoireachta sin a sholáthraítear d'aicmí sonraithe áirithe úsáideoirí aerspáis (m.sh. aerárthaí míleata, aerárthaí Stáit) agus is iarmhairt iad de líon na n-eitiltí a théann trí aerspás atá faoi smacht na hÉireann gach bliain.<br><br>Ina theannta sin, ní dheachthas ar aghaidh le comhairliúchán a bhí beartaithe, rud a ghin coigilteas de €300,000. Bhí sainchomhairleoirí le tús a chur le hathbhreithniú ar réimeas rialála eacnamaíoch an aerfoirt i 2014. Mar gheall ar thosaíochtaí oibre eile, áfach, cuireadh soláthar na sainchomhairleoirí siar go 2015 de réir cheangaltais Ráiteas Straitéise na Roinne agus de réir an Pholasaí nua Náisiúnta Eitlíochta. |

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Iompar ar talamh** | | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | | 9,601 | 9,269 | 9,735 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | 2,429 | 2,690 | 1,960 |
| B.3 | Feabhsú/cothabháil bóithre | | | | |
| | *Bunaidh* | 751,155 | | | |
| | *Forlíontach* | 47,100 | 798,255 | 793,914 | 804,804 |
| B.4 | Gníomhaireachtaí agus costais um shábháilteacht ar bhóithre | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,825 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,056) | 6,769 | 4,455 | 10,362 |
| B.5 | Costais cheadúnaithe feithiclí agus tiománaithe | | 14,500 | 15,323 | 14,226 |
| B.6 | Taisteal níos cliste agus laghdú carbóin | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,100 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,600 | 14,700 | 14,145 | 13,320 |
| B.7 | Íocaíochtaí um sholáthar seirbhís poiblí | | 221,363 | 224,188 | 237,114 |
| B.8 | Clár infheistíochta iompair phoiblí | | | | |
| | *Bunaidh* | 283,220 | | | |
| | *Forlíontach* | 110,950 | 394,170 | 395,053 | 264,591 |
| B.9 | Gníomhaireachtaí agus costais ghníomhaireachtaí iompair phoiblí | | 12,133 | 12,887 | 5,951 |
| B.10 | Seirbhísí ilghnéitheacha | | 78 | 26 | 182 |
| | | | 1,473,998 | 1,471,950 | 1,362,245 |

**Athraithigh shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €2.05 milliún ní b’ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:

| Sainiú | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | (261) | Is ionann an róchaitheamh agus an glantionchar a imríodh ar theideal an chláir seo de chostais bhreise a bhaineann le cás cúirte a bhaineann leis an gclár ar leith seo, a sheach-chuir coigiltí riaracháin go pointe áirithe a baineadh amach in áiteanna eile ar fud na Roinne i limistéir ar nós taistil agus cothabhála. |

| Sainiú | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Feabhsú/cothabháil bóithre | 4,341 | Bhí luach an chaiteachais maidir le feabhsúchán / cothabháil na mbóithre thart ar €42.8 milliún níb'airde ná an bunsoláthar meastacháin. Tabhaíodh caiteachas breise (€33 milliún) de bhun maoinithe spreagthaigh a tiomnaíodh i Mí na Bealtaine 2014 i dtreo feabhsúchán bóithre ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Tabhaíodh caiteachas breise freisin (€14.1 milliún) de bhun tionscnaimh dianaimsire i Mí Feabhra 2014 le ceadú go dtabharfaí faoi oibreacha deisithe. Cuireadh an dá tsuim san áireamh sa mheastachán forlíontach a faomhadh ag an Oireachtas. Bhí luach an chaiteachais iomláin i 2014 €4.3 milliún níba lú mar a bhíothas ag coinne leis de thoradh ar choigilteas €2.26 milliún maidir le tionscadal bóithre Interreg nach ndeachaigh ar aghaidh faoi mar a bhí beartaithe agus ranníocaíocht leithreasaí i gcabhair a bhí níb'ísle ná mar a bhíothas ag coinne leis do Chlár na mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla ón gCiste Rialtais Áitiúil. |
| Gníomhaireachtaí agus costais um shábháilteacht ar bhóithre | 2,314 | Is é cuspóir na Roinne go rachadh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i dtreo staide féinmhaoinithí mar a mbeadh sé ag maoiniú a chuid oibriúchán ó tháillí agus ó thobhaigh reachtúla. Bhí sé buiséadaithe ag an Roinn go n-íocfadh sí €3.37 milliún don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i 2014 maidir le caiteachas reatha. Níor tharraing an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre aon chistí aníos maidir lena leithdháileadh reatha i 2014 mar gheall ar éifeachtúlachtaí méadaithe oibríochtúla agus ioncam ó thástáil ghluaisteáin TNG agus ó thástáil ródacmhainneachta feithiclí tráchtála. |
| Costais cheadúnaithe feithiclí agus tiománaithe | (823) | Bhí an caiteachas níb'airde ná mar a measadh i Rannán Seirbhísí Ríomhaireachta Tiománaithe agus Feithiclí na Roinne, rannán a dhéanann iarratais ar líne mhótarchánach a phróiseáil ós rud é go raibh na hiarratais ar líne ar mhótarcháin 20% níb'airde ná mar a measadh. |
| Taisteal níos cliste agus laghdú carbóin | 555 | Bhí luach an chaiteachais i 2014 €1.05 milliún níb'airde ná mar a measadh an chéaduair. Rinneadh leithdháileadh forlíontach de €1.6 milliún le freastal a dhéanamh ar bhabhta maoinithe spreagthaigh a comhaontaíodh ag an Rialtas i Mí na Bealtaine 2014 i dtreo Chlár na nGlasbhealaí. Baineann an gannchaiteachas de €550,000 san fho-cheannteideal seo le coigilteas i gclár "sheachtain na rothar" agus le moill maidir le cur i bhfeidhm infrastruchtúr áirithe rothaíochta atá beartaithe faoi chláir an Ghréasáin Náisiúnta Raonta Rothar (GNRR) agus na mBailte Móra Taistil Ghníomhaigh (BMTG). |

| Sainiú | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí um sholáthar seirbhís poiblí | (2,825) | Bhí luach an chaiteachais €2.8 milliún ná mar a measadh mar gheall ar na rudaí seo<br>- Soláthar €2.5 milliún de mhaoiniú breise reatha don Údarás Náisiúnta Iompair le haghaidh a mhaoinithe fóirdheontais OSP. Teastaíonn an mhéid bhreise de €2.5 milliún le heasnaimh a fhritháireamh a eascraíonn faoi na conarthaí le comhlachtaí CIÉ do sholáthar seirbhísí OSP.<br>- Maoiniú breise de €650,000 le leibhéal seirbhísí 2013 a chothabháil faoin gClár Iompar Tuaithe.<br>- Coigilteas €300,000 faoi Chlár na Scoileanna Glasa mar gheall ar éifeachtúlachtaí a eascraíonn as comhaontú nua Leibhéal Seirbhíse idir an Roinn, an ÚNI agus An Taisce. |
| Clár infheistíochta iompair phoiblí | (883) | Rinneadh leithdháileadh forlíontach de €110.95 milliún faoin mbabhta maoinithe spreagthaigh a comhaontaíodh ag an Rialtas i Mí na Bealtaine 2014 (€5 milliún), maoiniú deisithe dianaimsire a comhaontaíodh ag an Rialtas i Mí Feabhra 2014 (€6.8 milliún) agus ceangaltais bhreise ag eascairt i 2014 laistigh de chlár an iompair phoiblí, athnuachan flíteanna busanna, LUAS Traschathrach agus an clár um shábháilteacht agus um fhorbairt an iarnróid throim (€99.15 milliún).<br><br>Baineann an riachtanas breise a sháraíonn an meastachán forlíontach le riachtanas maoinithe le tionscadal Interreg a chur chun cinn. |
| Gníomhaireachtaí agus costais ghníomhaireachtaí iompair phoiblí | (754) | Soláthraíodh méideanna breise a sháraigh na méideanna a measadh don Údarás Náisiúnta Iompair (€730,000) agus don Choimisiún um Shábháilteacht Iarnróid (€24,000) le costais mhéadaithe oibriúcháin agus phinsin a chlúdach agus le híoc as sprioceasnamh pá. |

| | | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| **C** | **Iompar agus sábháilteacht mhuirí** | | | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | | 11,467 | 12,223 | | 12,535 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | 2,790 | 2,554 | | 2,992 |
| C.3 | Riarachán muirí agus Gardaí Cósta na hÉireann | | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 80,039 | | | | |
| | *Forghéilleadh iarchurtha* | 4,800 | 84,839 | 78,971 | | 82,093 |
| C.4 | Seirbhísí ilghnéitheacha | | 86 | 83 | | 82 |
| | | | 99,182 | 93,831 | | 97,702 |

**Athraithigh shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €5.35 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:

| Sainiú | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - pá | (756) | Leithdháiltear caiteachas iomlán pá na Roinne ar chláir aonair bunaithe ar líon na ndaoine. Bhí an róchaitheamh maidir leis an Rannán Muirí níb'airde ná mar a measadh go príomha mar gheall ar chostais mhéadaithe ragoibre. |
| Riarachán - neamhphá | 236 | Leithdháileadh comhréireach atá sa tearc-chaitheamh de réir teideal cláir ar na coigiltí a baineadh amach i mbuiséad riaracháin na Roinne. D'eascair iad seo go príomha i gcaiteachas ar thaisteal agus chothabháil, agus costais teileafónaíochta agus caitheamh ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis ar shainchomhairleoireacht. |
| Riarachán muirí agus Gardaí Cósta na hÉireann | 5,868 | Baineann an gannchaiteachas go príomha le laghduithe costas i dtaca le Coimisinéir Soilse na hÉireann mar gheall ar na rudaí seo<br>- Athruithe sna socruithe scéime pinsin lena aghaidh a raibh de thoradh orthu caiteachas a raibh luach €2.67 milliún níb'ísle air ná mar a measadh. I Mí Aibreáin 2014, aistríodh scéim phinsin CSÉ go Scéim Phinsin Phríomhsheirbhís an Ríochta Aontaithe. Dá thoradh sin, laghdaíodh an caiteachas a tabhaíodh ag CSÉ ós rud é go bhfuil na costais srianta anois d'íocaíochtaí i dtaca le ranníocaíochtaí fostóra.<br>- Éifeachtúlachtaí cláir i CSÉ a raibh de thoradh orthu go raibh luach €330,000 níos lú ná mar a ndearnadh buiséadú dó ar an gcaiteachas. |

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **D** | **Seirbhísí spóirt agus áineasa** | | | | |
| D.1 | Riarachán - pá | | 1,600 | 1,505 | 1,548 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | | 432 | 274 | 583 |
| D.3 | Deontais do chomhlachtaí spóirt agus soláthar áiseanna spóirt agus áineasa (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | |
| | *Bunaidh* | 23,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,000 | 24,000 | 20,944 | 13,550 |
| D.4 | Deontais do sholáthar agus d'athchóiriú linnte snámha | | 10,300 | 849 | 5,542 |
| D.5 | An Chomhairle Spóirt/an Campas Náisiúnta Spóirt (deontas i gcabhair) (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | |
| | *Bunaidh* | 60,136 | | | |
| | *Forlíontach* | 892 | 61,028 | 49,444 | 53,258 |
| | | | 97,360 | 73,016 | 74,481 |

**Athraithigh shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár D €24.34 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:

| Sainiú | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 158 | Léiríonn an tearc-chaitheamh seo leithdháileadh comhréireach de réir teideal cláir ar na coigiltí a baineadh amach i mbuiséad riaracháin na Roinne. D'eascair iad seo go príomha i gcaiteachas ar thaisteal agus chothabháil, agus costais teileafónaíochta agus caitheamh ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis ar shainchomhairleoireacht |
| Deontais do chomhlachtaí spóirt agus soláthar áiseanna spóirt agus áineasa (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 3,056 | Ba é aidhm an leithdháilte fhorlíontaigh de €1 milliún ná le híoc as leithdháileadh breise do dheontais saintrealaimh do bhoird rialaithe náisiúnta spóirt. Baineann an gannchaiteachas de €3 mhilliún faoi chlár chaipitil na spórt le moill i dtarraingt anuas na gceangaltas deontais a rinneadh faoin mbabhta leithdháiltí i Mí Iúil 2014 (ar tugadh mórchuid acu anonn go 2015). |

| Sainiú | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Deontais do sholáthar agus d'athchóiriú linnte snámha | 9,451 | Baineann an gannchaiteachas le tarraingt anuas cheangaltas deontais faoin gclár seo a bhí níba mhoille ná mar a bhíothas ag coinne leis, agus bhí de thoradh air sin tabhairt anonn mhórchuid an ghannchaiteachais go 2015. Is féidir an tarraingt anuas mall a chur síos do roinnt fachtóirí, lena n-áirítear moill tógála, ceisteanna cur amach ar thairiscintí agus srianta cistithe meaitseála ag leibhéal na n-údarás áitiúil. |
| An Chomhairle Spóirt/an Campas Náisiúnta Spóirt (deontas i gcabhair) (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 11,584 | Baineann an tearc-chaitheamh le dul chun a raibh moill air ar thionscadal na Láithreacha Náisiúnta Laistigh (ar tugadh anonn é go dtí 2015). |

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| E | **Seirbhísí turasóireachta** | | | | |
| E.1 | Riarachán - pá | | 1,067 | 851 | 909 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | | 352 | 143 | 129 |
| E.3 | Fáilte Éireann (deontas i gcabhair) | | | | |
| | *Bunaidh* | 60,714 | | | |
| | *Forlíontach* | 294 | 61,008 | 61,008 | 66,076 |
| E.4 | Turasóireacht Éireann Teoranta – deontas riaracháin agus do chostais ghinearálta | | 15,260 | 15,560 | 15,849 |
| E.5 | Ciste margaíocht turasóireachta (deontas i gcabhair) | | | | |
| | *Bunaidh* | 35,476 | | | |
| | *Forlíontach* | 800 | 36,276 | 36,276 | 37,245 |
| E.6 | Forbairt táirge turasóireachta (deontas i gcabhair) | | | | |
| | *Bunaidh* | 24,200 | | | |
| | *Forlíontach* | 500 | 24,700 | 20,700 | 19,000 |
| | | | 138,663 | 134,538 | 139,208 |

**Athraithigh shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár E €4.13 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:

| **Sainiú** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 209 | Léiríonn an tearc-chaitheamh seo leithdháileadh comhréireach de réir teideal cláir ar na coigiltí a baineadh amach i mbuiséad riaracháin na Roinne. D'eascair iad seo go príomha i gcaiteachas ar thaisteal agus chothabháil, agus costais teileafónaíochta agus caitheamh ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis ar shainchomhairleoireacht. |
| Turasóireacht Éireann Teoranta – deontas riaracháin agus do chostais ghinearálta | (300) | Baineann an róchaitheamh seo leis an riachtanas breise a bhí le híocaíochtaí pinsin/ cnapshuime. |
| Forbairt táirge turasóireachta (deontas i gcabhair) | 4,000 | Bhain an gannchaiteachas de €4 mhilliún le dul chun cinn ar cuireadh moill air i dtaca le tionscnamh Bhealach an Atlantaigh Fhiáin (a tugadh anonn go 2015).<br><br>Soláthraíodh leithdháileadh forlíontach de €500,000 le freastal a dhéanamh ar cheangaltais a d'eascair as an mbabhta maoinithe spreagthaigh a comhaontaíodh ag an Rialtas i Mí na Bealtaine 2014, go sonrach forbairt Loch Deirgeirt (Contae an Chláir agus Contae Thiobraid Árann) mar sprioc thurasóireachta. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gcabhair | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | |
| 1. | Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 4,631 | 4,429 | 5,256 |
| **Eitlíocht shibhialta** | | | | |
| 2. | Aisíocaíocht síntiús Údarás Eitlíochta na hÉireann le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 7,095 | 6,463 | 7,006 |
| 3. | Aisghabháil cíosanna, etc. Údarás Eitlíochta na hÉireann | 394 | 394 | 394 |
| 4. | Íocaíocht le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann as costais ghaolmhara | 2,391 | 2,168 | 2,237 |
| **Iompar ar talamh** | | | | |
| 5. | Táillí ceadúnais iompar bóthair | 479 | 828 | 667 |
| 6. | Fáltais ó Chiste an Rialtais Áitiúil | 376,443 | 372,443 | 421,841 |
| 7. | Fáltais ilghnéitheacha iompair ar talamh | 2,000 | 2,363 | 831 |
| **Iompar agus Sábháilteacht Mhuirí** | | | | |
| 8. | Fáltais faoin Acht Loingis Cheannaíochta agus faoin Acht um Theileaghrafaíocht gan Sreang, 1919 | 400 | 550 | 550 |
| **Seirbhísí Turasóireachta** | | | | |
| 9. | Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann | 168 | 214 | 188 |
| **Seirbhísí Spóirt** | | | | |
| 10. | Fáltais Phinsean na Comhairle Spóirt | 90 | 175 | 277 |
| **Fáltais Ilghnéitheacha** | | | | |
| 11. | Fáltais ilghnéitheacha | 340 | 250 | 390 |
| | **Iomlán** | **394,431** | **390,277** | **439,637** |

**Míniú ar athraithigh shuntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheidil ina raibh an toradh éagsúil ón méid measta de bhreis ar €100,000, agus de bhreis ar 5%.

| Sainiú | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Aisíocaíocht síntiús Údarás Eitlíochta na hÉireann le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 632 | Forchúitíonn an Roinn costais áirithe ó IAA le haghaidh árachais, le haghaidh na dtuarastal, le haghaidh costas taistil & liúntais chothaithe, srl., nuair a bhaineann siad sin le réimsí polasaí leithéidí polasaí aerloingseoireachta agus polasaí aershábháilteachta. I 2014 bhí na costais níba lú ná mar a measadh an chéad uair. |
| Íocaíocht le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann as costais ghaolmhara | 223 | Forchúitíonn an Roinn roinnt costas ón ÚEÉ do thuarastail árachais. Costais taistil agus chothabhála etc. sa chás go mbaineann siad le limistéir bheartais, ar nós beartas aerloingseoireachta agus beartas aershábháilteachta. In 2014, bhí na costais seo ní b’ísle ná mar a measadh i dtosach báire. |

| **Sainiú** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Táillí ceadúnais iompar bóthair | (349) | Mar gheall ar an gcor chun feabhais sa gheilleagar, fuarthas ní ba mhó iarratas ar cheadúnais agus ar athnuachan ná mar a rabhthas ag súil leis. |
| Fáltais ó Chiste an Rialtais Áitiúil | 4,000 | Comhaontaítear an meastachán le haghaidh fáltas ón gCiste Rialtais Áitiúil ag tús na bliana, bunaithe ar réamh-mheastacháin ioncaim ó fháltais mhótarchánach. Faoi dheireadh na bliana, bhí an toradh ionchais le haghaidh fáltas mótarchánach níba lú ná mar a bhíothas ag coinne leis an chéad uair, agus bhí de thoradh air sin ranníocaíocht ón gCiste a bhí níb'ísle ná mar a bhíothas ag coinne leis. |
| Fáltais ilghnéitheacha iompair ar talamh | (363) | Bhí ní ba mhó fáltas ann ná mar a rabhthas ag súil leis mar gheall ar asbhaintí phinseanbhainteacha an Ghníomhaireacht Náisiúnta Iompair. |
| Fáltais faoin Acht Loingis Cheannaíochta agus faoin Acht um Theileaghrafaíocht gan Sreang, 1919 | (150) | Bhí na fáltais níb'airde ná mar a bhíothas ag coinne leis mar gheall ar ioncam méadaithe a gineadh ó mhéid níb'airde scrúduithe/deimhniúchán do mharaithe, iarratas ar cheadúnais raidió do longa agus suirbhéanna do longa. |

**4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | — |
| Pobal, deontais nár caitheadh a aisíoc a d'eascair ó choigiltí agus éifeachtúlachtaí cláir | 9 | — |
| Fáltais chun díol an áitribh a chríochnú | — | 12 |
| Cíosanna Fhorbairt na Sionainne[a] | 15 | — |
| Aisíocaíochtaí an deontais chaipiteal spóirt[b] | 25 | — |
| Aisíocaíocht an AE ó Chlár Roadex IV an Fhorimill Thuaidh[c] | 60 | — |
| Aisíocaíocht deontais neamhchaite ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre[d] | 200 | 220 |
| Fáltas ó Bhus Éireann d'iompar scoile | — | 292 |
| Fáltas ón AE do réamh-mhaoiniú thionscadal tollán idirnascaire Bhaile Átha Cliath[e] | 365 | 359 |
| Fáltas an AE do thionscadal faoi thalamh an DART[e] | — | 3,855 |
| Íocaíocht seirbhíse pinsin | 2 | — |
| Fáltais cuideachta loingseoireachta | 3 | — |
| Aisíocaíocht ó chuideachta loingseoireachta | — | — |
| Táille luachála – Dairbhre | 1 | — |
| Aisíocaíocht mhaoinithe reatha TTTI | 3 | — |
| Díolachán caipitil | 103 | — |
| Ranníocaíochtaí pinsin agus meas-seirbhís an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre | 485 | — |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (1,271) | (4,738) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | — |

[a] Airgead do chíosanna a bhailigh Údarás Aerfort na Sionainne (ÚAS) thar ceann an Aire.

[b] Tugadh airgead deontais ar ais don Vóta mar gheall, i ndiaidh go ndearna an Roinn scrúdú, bhí sé mar chonclúid gur tarraingíodh an t-airgead anuas ar bhealach a sháraigh téarmaí agus coinníollacha an Chláir Chaipiteal Spóirt.

[c] Maidir le tionscadal bóithre an AE a chistítear trí chlár NPPROADex IV atá an aisíocaíocht.

[d] D'aisíoc an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre €200,000 maidir le hairgead deontais neamhchaite.

[e] Fuair an Roinn an íocaíocht deiridh réamh-mhaoinithe do thionscadal Ten - T ó Ghníomhaireacht Ghréasán Iompair Thraseorpaigh an Choimisiúin Eorpaigh atá le haistriú ar aghaidh chuig an Roinn Airgeadais.

## 5 Líonta agus Pá Fostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon na foirne amhail dheireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | | |
| **Rannóg** | 426 | 448 |
| **Gníomhaireachtaí** | | |
| An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta | 14 | 16 |
| Fáilte Éireann | 320 | 376 |
| An Chomhairle Spóirt | 35 | 37 |
| An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre | 34 | 33 |
| An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta | 101 | 105 |
| Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt | 3 | 4 |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 74 | 75 |
| An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid | 10 | 10 |
| An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | 282 | 289 |
| Turasóireacht Éireann | 148 | 152 |
| | 1,021 | 1,097 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Rannóg** | | |
| Pá | 23,460 | 24,461 |
| Liúntas níos airde, speisialta nó dualgas breise | 499 | 657 |
| Liúntais eile | 530 | 489 |
| Ragobair | 694 | 647 |
| ÁSPC Fostóra | 1,428 | 1,453 |
| **Pá iomlán** | **26,611** | **27,707** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | **Líon faighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **Íocaíocht uasta aonair 2014** | **Íocaíocht uasta aonair 2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **€** | **€** |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 86 | 41 | 20,703 | 20,793 |
| Liúntais eile | 105 | — | 7,041 | 10,511 |
| Ragobair | 85 | 16 | 40,149 | 41,274 |

Fuair roinnt daoine luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

**5.2 Socruithe Eile Luach Saothair**

Rinneadh cúigear státseirbhíseach, a raibh pinsin seirbhíse sibhialta á bhfáil acu, a athfhostú ar bhonn táillí ar costas iomlán €112,534. Cuireadh rialacha laghdaithe pinsin i bhfeidhm sa chás cuí.

**5.3 Ró-íocaíochtaí párolla**

B'ioanann suim na ró-íocaíochtaí a d'eascair mar gheall ar mhoilleanna ar threoracha tuarastail in 2014 agus €49,948 i dtaca le 34 cás aonair. As seo, rinneadh €34,357 a fhorchúiteamh. Tá People-Point ag tabhairt faoi ró-íocaíochtaí iarmharacha a fhiosrú.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ró-íocaíochtaí párolla | 50 | 7 |
| | 50 | 7 |

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cistiú an Chrannchuir Náisiúnta

Rinne an Crannchur Náisiúnta caiteachas iomlán €70.39 milliún (€57 milliún in 2013) faoi fhotheidil D.3 agus D.5 a pháirtchistiú.

Tá fáil ar liosta iomlán íocaíochtaí le deonaithe faoi fhotheideal D.3 ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne, (www.dttas.ie).

### 6.2 Costais Dlí

Íocadh cúiteamh agus costais ghaolmhara dlí €1.06 milliún ar an iomlán agus idir €1,261 agus €900,000 i dtrí chás a glacadh i leith an Aire.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais dlí | 60 | 45 |
| Costais chúitimh | 1,000 | 38 |
| | 1,060 | 83 |

### 6.3 Dliteanais Theagmhasacha

Tá an Roinn rannpháirteach i roinnt cásanna dlíthiúla, a bhfuil sé deacair a dtoradh a chinneadh.

### 6.4 Díscríobh

Díscríobhadh na suimeanna a leanas i rith na bliana:

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid an chuntais fionraí maidir le am téarma | 17 | — |
| | 17 | — |

### 6.5 Tabhairt Anonn go dtí 2015

Faoi fhoráil Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, tugadh €29.11 milliún i leithdháileadh neamhchaite i dtaca le gnéithe caipitiúla d'fhotheidil C.3, D.3, D.4, D.5 agus E.6 anonn go dtí 2015.